Pobail Ildánacha Chathair na Gaillimhe 2027: Gairm Oscailte do Chiste na gComhpháirtithe Straitéiseacha

Treoirlínte

Is ionann Gairm Oscailte Phobail Ildánacha do Chomhpháirtithe Straitéiseacha 2027 agus tionscnamh maoinithe de chuid Éire Ildánach, atá á éascú ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus atá á rialú ag an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt. Tá sé mar aidhm leis an gciste dul i gcomhpháirt le grúpaí pobail, le cleachtóirí cruthaitheacha, nó le heagraíochtaí, le béim ar léiriú pobail nó ar léiriú cruthaitheach.

Déanfaidh na comhpháirtithe tionscadail a chur i gcrích atá ag teacht le spriocanna straitéiseacha Éire Ildánach a bhfuil breac-chuntas tugtha ina leith i Straitéis Chultúir & Chruthaitheachta 2023-2027. Is é fís Chlár Éire Ildánach go mbeidh an chruthaitheacht i gcroílár an bheartais phoiblí agus go gcuirfidh rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta folláine an duine aonair, an phobail agus na tíre ina hiomláine, chun cinn go héifeachtúil. Déantar iarracht leis an gciste seo tionscadail a fhorbairt a d'fhéadfadh a bheith ina ngníomhaíochtaí príomhshrutha chun an méid thuas a bhaint amach.

Faoin gclár seo, tá tuiscint ar an gcruthaitheacht sa gciall is leithne mar shraith de chumais nádúrtha agus scileanna foghlama, agus cumas daoine aonair agus eagraíochtaí smaointe agus gnásanna a nglactar leo a shárú. Trí úsáid a bhaint as an tsamhlaíocht, cruthaíonn siad smaointe nua a thugann fiúntas breise do ghníomhaíocht an duine.

Beidh na tionscadail idéalacha feiliúnach do na pobail sin nach ndéantar freastal ceart orthu agus beidh sé d'acmhainn acu teacht chun bheith ina dtionscadail

maoinithe inbhuanaithe a mhairfidh fós i ndiaidh dóibh tacaíocht a fháil faoin chlár Éire Ildánach.

Forléargas ar an gCiste:

- Cé atá in ann cur isteach air? Grúpaí pobail, eagraíochtaí, agus cleachtóirí cruthaitheacha atá ag cur gníomhaíochtaí ar fáil i gCathair na Gaillimhe.

- Céard a mhaoinítear? Tionscadail chruthaitheacha pobal-bhunaithe atá ag teacht lenár dtosaíochtaí straitéiseacha do 2027 agus a mbeidh sé d'acmhainneacht acu maireachtáil níos faide ná an sruth maoinithe seo. Féach láithreán gréasáin Éire Ildánach chun samplaí a fháil de na tionscadail a fuair maoiniú roimhe seo.

- Cé mhéad is féidir liom iarratas a dhéanamh air? Go ginearálta, faigheann tionscadail idir €1,000 – €5,000. Mar sin féin, tá maoiniú bunaithe ar líon agus ar chineál na dtionscadal a fhaightear. Tá maoiniú déanta againn ar thionscadail ar scála mór, agus ar thionscnaimh níos lú. Déanann painéal neamhchlaonta measúnú ar na hiarratais go léir.

- **Dátaí Tábhachtacha**
  - *Táthar ag glacadh le hiarratais anois:* 9am an 22 Deireadh Fómhair 2026
  - *Seisiúin eolais:* 17-19 Samhain 2026
  - An Spriocdháta d'Iarratais: 12 Meán Lae an 21 Eanáir 2027
  - An dáta a mbronnfar an maoiniú: 11 Márta 2027
  - An spriocdháta tuairiscithe: 23 Meán Fómhair 2027
  - *An modh iarratais:* Ar líne trí thairseach Submit

Beidh seisiúin eolais ar siúl ón 17-19 Samhain.

- Dé Máirt an 17 Samhain – Ionad Acmhainní an Taoibh Thiar:7-8pm
- Dé Céadaoin an 18 Samhain – Ar líne: 1-2pm*
- Déardaoin an 19 Samhain – Ionad Acmhainní Pobail an Bhaile Bháin - 7-8pm

Tá sé mar chuspóir leis na seisiúin seo an Ghairm Oscailte a chur chun cinn, ceisteanna a fhreagairt, smaointe a roinnt, agus líonrú a dhéanamh. Déanfaidh an tOifigeach Rannpháirtíochta Phobail Ildánacha cur i láthair gearr agus beidh seisiún Ceisteanna & Freagraí ar siúl ina dhiaidh sin chomh maith le fóram oscailte do dhíospóireacht.

Tá teorainn ar na spásanna atá ar fáil ag seisiúin Dé Máirt/Déardaoin. Seol ríomhphost chuig creativeireland@galwaycity.ie chun áit a chur in áirithe, nó chun nasc a fháil chuig na seisiúin ar líne Dé Céadaoin.

Critéir don Mheasúnacht

Déanfar measúnú ar na hiarratais go léir agus bronnfar scór orthu faoi na critéir seo a leanas:

- **Ábalta na colúin straitéiseacha a bhfuil breac-chuntas tugtha ina leith i Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 2023–2027 a chomhlíonadh - 25%**

  Tá tuilleadh eolais sa straitéis atá nasctha thuas, ach go hachomair is iad na colúin:

  - Óige Ildánach (N.B., Sa gcás go mbíonn Fócas mór ar Óige Ildánach i do thionscadal, d'fhéadfadh an maoiniú a bheith ag brath ar do chumas a bheith rannpháirteach i bhFéile Chruinniú na nÓg an 12 Meitheamh).
  - Pobail Ildánacha
  - Tionscail Ildánacha
  - Sláinte agus Folláine Cruthaitheachta
  - Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht Ildánach

  D'fhéadfadh sé a bheith d'aidhm le do thionscadal an iliomad colúin a chomhlíonadh, ach iarrfar ort príomhcholún amháin a roghnú.

- **Caighdeán agus tionchar an togra - 25%**

  Gheobhaidh tionscadail a bhfuil le fís shoiléir agus plean maidir leis an mbealach a mbeidh tionchar buan ag an tionscadal, ar shaol dhaoine aonair

nó ar phobail, nó a bheidh ina ngné de thírdhreach cultúir agus pobail Chathair na Gaillimhe, marc maith anseo.

- **Féidearthacht agus Bainistíocht Airgeadais – 25%**

  Faoin gcuid seo, tá an fhoireann measúnaithe sa tóir ar thionscadail a bhfuil buiséid shoiléir leo agus is féidir a bhaint amach, chomh maith le amlínte mionsonraithe.

  Maidir le hamlínte, tabhair ar aird go ndeimhneofar maoiniú i mí Márta, agus gur cheart go mbeadh formhór na dtionscadal tugtha chun críche faoi mhí Mheán Fómhair. Tá scóip ann tionscadail a thabhairt chun críche níos deireanaí sa mbliain, ach tá acmhainn teoranta ann chun glacadh le tionscadail den chineál seo.

- **Cuntas teiste agus rannpháirtíocht pobail – 25%**

  Sa gcuid seo, bronnfar marcanna bunaithe ar chuntas teiste an iarratasóra ceannais le tionscadail ar an scála agus ar an scóip chéanna a chur i gcrích, agus an leibhéal rannpháirtíochta pobail a dtugtar breac-chuntas ina leith sa tionscadal.

Déanfaidh foireann ar a mbeidh triúr ó fhoireann Cruthaitheachta agus Cultúir Chomhairle Cathrach na Gaillimhe measúnú ar na hiarratais go léir. Fógróidh na comhaltaí foirne aon choimhlint leasa sula gcuirfear tús leis an measúnú agus déanfar iad a dhícháiliú ó na hiarratais ábhartha.

Déanfar measúnú ar iarratais incháilithe ar dtús agus bronnfar scór orthu bunaithe ar fhiúntas aonair. Ina dhiaidh sin, tiocfaidh an Painéal Measúnaithe le chéile chun portfóilió cothrom a fhorbairt ar fud chúig cinn de thosaíochtaí straitéiseacha, ceantair gheografacha dhifriúla den chathair, agus meascán de na príomhdhéimeagrafaigh atá aitheanta sna straitéisí ábhartha. Ciallaíonn sé seo go bhféadfaí iarratas a bhfuil scór ard faighte aige a ghearradh siar nó a dhiúltú má tá sé mar a chéile le tionscadal atá ann cheana féin nó má fhaightear iarratas lasmuigh de na réimsí tosaíochta.

Beidh aiseolas maidir le cinntí le fáil ar feadh 4 seachtaine tar éis fógra a fháil maidir le cinneadh.

Critéir Cháilitheachta

- Cé: Grúpaí pobail, eagraíochtaí, agus cleachtóirí cruthaitheacha, lonnaithe i gCathair na Gaillimhe, nó a bhfuil sé beartaithe acu gníomhaíocht a chur ar siúl i gCathair na Gaillimhe.
- Cén áit: Cuirimid fáilte go háirithe roimh iarratais ó ghrúpaí i gceantair den chathair nach bhfuil mórán freastail á ndéanamh orthu, agus ó eagraíochtaí a bhfuil teagmháil á dhéanamh acu le pobail atá éagsúil nó a bhfuil sé níos deacra teagmháil a dhéanamh leo.
- Cén uair: Measfar na hiarratais go léir a bhíonn deireanach a bheith incháilithe.
- Céard: Níl na costais tionscadail seo a leanas incháilithe don sruth maoinithe seo:
    - Breisiú nó ionadú a dhéanamh ar chistiú le haghaidh imeachtaí agus tionscnamh atá ann cheana (ach amháin i ndáil le gné nó cuid nua).
    - Tiomsaitheoirí airgid carthanais.
    - Tionscadail agus gníomhaíochtaí le haghaidh brabúis.
    - Ceannach trealaimh chaipitiúil (m.sh., ríomhairí buana, ceamaraí, uirlisí ar mhaithe le húsáid fhadtéarmach).
    - Gníomhaíochtaí a bheidh ar siúl lasmuigh de Chathair na Gaillimhe.

Coinníollacha Ginearálta Maoinithe

- Ní féidir maoiniú a úsáid ach amháin chun na críocha atá sonraithe i d'iarratas.
- Ní mór gné maoinithe an tionscadail a bheith tugtha chun críche laistigh den achar ama atá leagtha amach sa doiciméad seo.
- Ní mór d'eagraíochtaí a chinntiú go mbíonn an t-árachas agus na ceadanna cuí i bhfeidhm sula dtugtar faoi aon ghníomhaíocht. Ní bheidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe freagrach as árachas nó as ceadanna eile (m.sh. úsáid spáis, múrphictiúir, srl) mura gcomhaontaítear go soiléir é.

- Modh Íocaíochta: Íocfar na comhpháirtithe go léir trí Ríomhaistriú Airgid (EFT). Cinntigh go mbíonn do chuid sonraí baincéireachta ceart. Tabhair ar aird go bhféadfadh socrú suas ar an gcóras a bheith mar chúis le moill nach féidir a sheachaint, agus ba cheart duit é sin a áireamh in amlíne an tionscadail.
- Dícháileofar aon iarratasóir a dhéanfaidh canbhasáil.
- Tá maoiniú teoranta agus tá an próiseas iomaíoch; ní éireoidh le gach iarratasóir, agus d'fhéadfadh sé go bhfaigheadh iarratasóirí níos lú ná an tsuim atáthar a iarraidh.
- Coinníonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe an ceart cur le tacaíocht nó í a laghdú nó a choinneáil siar. Níl aon dul thar chinneadh Chomhairle Cathrach na Gaillimhe maidir le tacaíocht.
- Má éiríonn le hiarratas, roinnfidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe eolas faoin tionscadal le hÉire Ildánach agus lena chomhpháirtithe.
- Éileofar ar na comhpháirtithe maoinithe straitéiseacha go léir Tuairisc Dheiridh a sholáthar ar thabhairt chun críche a dtionscadail. Ní mór na nithe seo a leanas a bheith sa tuairisc:
    - Foirm B comhlánaithe, ina dtugtar sonraí faoi fhreagairt an phobail agus na meán, agus ina dtugtar sonraí i bhfoirm tábla ar na costais go léir a tabhaíodh. N.B: ní mór na costais go léir a bheith ag teacht leis na mionsonraí ar an bhfoirm iarratais, mura mbíonn sé comhaontaithe go soiléir.
    - Cruthúnas íocaíochtaí maidir leis na costais go léir, i gcomhchoibhneas leis na costais atá cláraithe i bhFoirm B. Is féidir cruthúnas ar na híocaíochtaí a leagan amach mar seo a leanas:
        - Admhálacha
        - Sonraisc meaitseáilte le ráitis bhainc
        - I gcásanna inarb é/í an t-ealaíontóir an t-iarratasóir ceannais agus go bhfuil cuid den chiste ag íoc as a gcuid ama, is é sin an t-aon uair amháin a nglacfar le sonrasc as féin mar fhianaise ar chaiteachas.

- Grianghraif den imeacht, chomh maith le foirmeacha toilithe grianghraif sa gcás gur cuí (m.sh. má tá aghaidh duine le feiceáil san íomhá, tá toiliú grianghraif riachtanach).
- Fianaise d'Admháil Phoiblí maidir leis an maoiniú a fuarthas ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus Éire Ildánach. D'fhéadfadh sé seo a bheith i bhfoirm postálacha ar na meáin shóisialta, preasráitis, fógráin, póstaeir srl.

Cinntigh agus tú ag cur do thogra le chéile, go gcuireann tú am tuairiscithe san áireamh.

Ceisteanna a chuirtear go minic

- An féidir liom iarratas a dhéanamh sa gcás go bhfuarthas maoiniú roimhe seo? Is féidir. Tá fáilte roimh dhreamanna a fuair maoiniú roimhe seo iarratas a dhéanamh, ach tugaimid tosaíocht do thionscadail nua agus do nuálaíocht seachas maoiniú a thabhairt arís don ghníomhaíocht chéanna.
- An féidir ciste teagmhais a chur san áireamh i mo bhuiséad? Is féidir, tá ciste teagmhais beag (suas go dtí 5% den bhuiséad iomlán atá agat) inghlactha, ach ní mór údar a bheith leis.
- Céard a tharlóidh má bhíonn moill ar an tionscadal? Ní mór duit Oifigeach Rannpháirtíochta Phobail Ildánacha a chur ar an eolas láithreach. Ní thugtar síneadh ama ach i gcásanna eisceachtúla.
- An gcaithfidh mé comhpháirtíocht a bheith agam chun iarratas a dhéanamh? Ní chaithfidh, níl comhpháirtíochtaí éigeantach, cé go moltar go láidir iad, agus bronnfar scór níos airde orthu faoin gcritéar comhoibrithe.

Liosta Seiceála maidir leis an Iarratas

Sula gcuireann tú an t-iarratas faoi bhráid, cinntigh go bhfuil:

- Na treoirlínte iomlána agus Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 2023-2027 Chomhairle Cathrach na Gaillimhe léite agat.

- An Tosaíocht Straitéiseach a bhfuil tú ag díriú air le do thionscadal aitheanta agat.
- Buiséad mionsonraithe ullmhaithe le hioncam agus caiteachas, agus amlíne mionsonraithe.
- Deimhniú tugtha go bhfuil an tionscadal réidh le tosú ó cheadaítear é (ionad, ealaíontóirí, amlíne).
- Cóip den iarratas sábháilte agat ar mhaithe le do chuid taifead.

Fiosruithe

Do gach uile fiosrú, seol ríomhphost chuig: creativeireland@galwaycity.ie

Cinntigh go dtugann tú dóthain ama chun freagra a thabhairt ar d'fhiosruithe roimh an spriocdháta.